

LEABHRÁN EOLAIS;
IARRTAR ORT É SEO A LEANAS A LÉAMH GO CÚRAMACH

Comórtas chun daoine a mholadh lena gceapadh sa phost:

**Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil (Buan)
in BOO an Longfoirt agus na hIarmhí (BOOLI)**

TAGAIRT: OSD 02/2026

**Spriocdháta: Dé Céadaoin 12ú Lúnasa 2026 ag 13.00 uair an
chloig**

Tá BOOLI tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Teideal an Phoist:	Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil (Buan)
Eagraíocht:	Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí
Suíomh:	Príomhoifig BOO an Longfoirt agus na hIarmhí, Páirc Ghnó Bhaile Marlainn, Baile Marlainn, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí

Réamhrá

Boird Oideachais agus Oiliúna

Is comhlachtaí reachtúla iad Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) a bunaíodh an 1 Iúil 2013 faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 (dá ngairtear “an tAcht” anseo feasta) in ionad na gCoistí Gairmoideachais agus chun ról feabhsaithe a ghlacadh i soláthar oiliúna.

Cruthaíodh struchtúr nua leis an Acht atá in ann tacú níos fearr le forbairt an tsoláthair seirbhíse i scoileanna faoi rialachas díreach BOO agus san earnáil bhreisoideachais agus oiliúna. Agus breisoideachas agus oiliúint á soláthar acu, tá caidreamh láidir ag BOOnna le SOLAS, an t-údarás breisoideachais agus oiliúna.

Forbhreathnú ar na príomhfheidhmeanna a dhéanann BOOnna

Is iad BOOanna pátrúin dhlíthiúla iar-bhunscoileanna faoin Acht Oideachais, 1998 a choinníonn siad (ar a dtugtar Gairmscoileanna nó Coláistí Pobail de ghnáth) agus cuireann na scoileanna seo oideachas ar thart ar 29% de na scoláirí iar-bhunscoile go léir faoi láthair. Tá baint ag BOOnna freisin le soláthar oideachais il-sainchreidmhigh ag an leibhéal bunscoile a éascú.

Tá ról tábhachtach ag BOOnna freisin in earnáil na bPobalscoileanna, mar chomhphátrúin le húdaráis reiligiúnacha, agus maidir le Scoileanna Cuimsitheacha ina bhfuil an Príomhfheidhmeannach ina mball den Bhord Bainistíochta agus ina rúnaí ex-officio air. Le chéile, cuireann Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobalscoileanna oideachas ar thart ar 17% de na scoláirí dara leibhéal. Dáileann BOOnna maoiniú ar scoileanna sa chlár Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) freisin.

Tá ról lárnach ag BOOnna i soláthar Breisoideachais agus Oiliúna. Déanann na 16 BOO Breisoideachas agus Oiliúint a sheachadadh nó a fháil ar conradh go príomha faoi mhaoiniú agus faoi threoir straitéiseach SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna. Áirítear le soláthar Breisoideachais agus Oiliúna cláir atá dírithe ar an margadh saothair agus cláir a bhfuil gné láidir cuimsithe shóisialta ag baint leo. Cuirtear cláir Breisoideachais agus Oiliúna ar fáil i raon leathan suíomhanna lena n-áirítear Coláistí Iar-Ardteistiméireachta agus Breisoideachais, Ionaid Oiliúna, Ógtheagmháil agus ionaid oideachais aosaigh. Cuirtear Breisoideachas agus Oiliúint ar fáil freisin trí ghrúpaí pobail agus deonacha, trí sholáthraithe oiliúna tráchtála agus in ionaid oibre.

SOLAS

Bunaíodh SOLAS, an t-údarás breisoideachais agus oiliúna, in 2013. Tá SOLAS freagrach as comhordú, maoiniú agus treoir straitéiseach Breisoideachais agus Oiliúna in Éirinn. Oibríonn SOLAS le BOOnna chun pleananna seirbhíse bliantúla Breisoideachais agus Oiliúna a chomhaontú agus chun tabhairt faoi chlár cuimsitheach athchóirithe tríd an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme. Tá tús curtha ag SOLAS le comhairliúchán maidir le forbairt na chéad straitéise Breisoideachais agus Oiliúna cúig bliana eile don tréimhse 2025-2029. Ina theannta sin, tá sraith nua de Chomhaontuithe Feidhmiúcháin Straitéisigh (CFS) á forbairt ag SOLAS le gach BOO chun gabháil leis an Straitéis nua Breisoideachais agus Oiliúna. Tá gach comhaontú uathúil don BOO aonair agus léireofar ann na tosaíochtaí straitéiseacha sa Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna nua.

Cur Síos ar an Ról:

Tuairisceoidh an Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil do Phríomhfheidhmeannach BOOI agus beidh siad freagrach as cúnamh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach i gceithre phríomhréimse freagrachta, i gcomhréir leis na feidhmeanna reachtúla a leagtar amach i reachtaíocht BOO:

1. Ceannaireacht teagaisc agus foghlama i scoileanna agus i gcláir.
2. Rialachas agus bainistiú scoileanna.
3. Pleanáil lucht saothair agus bainistíocht feidhmíochta i scoileanna.
4. Comhordú fhoireann bainistíochta BOO atá faoi chúram an Stiúrthóra ar Scoileanna seo.

Príomhfhreagrachtaí

Maidir le gach ceann de na réimsí seo, tá roinnt feidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag an Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil lena n-áirítear an méid seo a leanas (ach gan a bheith teoranta dóibh):

1. Ceannaireacht teagaisc agus foghlama

- Beartais eagraíochtúla agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear an Ráiteas Straitéise (Alt 27 d'Acht BOO)
- Agus tagairt ar leith á déanamh do scoileanna – faireachán, tomhas agus anailís a dhéanamh ar earcaíocht/rollú, coinneáil, gnóthachtáil agus dul chun cinn scoláirí/foghlaimoirí i gcomhréir le cuspóirí oideachais; prionsabail an chomhionannais agus an chuimsithe.
- Deiseanna don nuálaíocht sa teagasc agus san fhoghlaim a shainaithint agus a fhorbairt.
- Forbairt an churaclaim a stiúradh i scoileanna.
- Tacú le ceannairí oideachais barr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim a chur chun cinn trí chlár spriocdhírithe FGL.
- Feidhm Dearbhaithe Cáilíochta an BOO a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar, de réir mar is infheidhme maidir le scoileanna.
- Maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó mheastóireachtaí scoile agus ó thuarascálacha cigireachta

2. Rialachas agus bainistiú

- Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistiú acmhainní BOOLI (acmhainní daonna/airgeadais/caipitil) a leithdháiltear ar scoileanna i gcomhréir leis na rialacháin maidir le Rialachas Corparáideach.
- Tacú le feidhm bainistíochta riosca BOOLI, agus tagairt ar leith á déanamh do sholáthar oideachais i scoileanna.
- Tacú le rialachas scoileanna lena n-áirítear Boird Bainistíochta; cúrsaí dlí a bhainistiú lena n-áirítear achomhairc Alt 29; a chinntiú go gcuirtear beartais agus reachtaíocht chun feidhme go héifeachtach e.g. iontrálacha scoileanna.

3. Pleanáil lucht saothair agus bainistíocht feidhmíochta

- Tabhairt faoi phleanáil lucht saothair agus leithdháileadh foirne i scoileanna, lena n-áirítear aistrithe agus iarrataí ar shosanna gairme, comhroinnt post agus socruithe oibre eile a bhainistiú.
- Comhoibriú leis an bPríomhfheidhmeannach chun athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar scileanna/saineolas eagraíochtúil
- Cláir forbartha gairmiúla a cheapadh, lena n-áirítear FGL do chleachtóirí i scoileanna, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna ionas go mbeidh scileanna agus inniúlachtaí eagraíochtúla ailínithe le cur chun feidhme Straitéis BOO
- Freagracht a ghlacadh as bainistíocht feidhmíochta ar fud seirbhísí i scoileanna, tacú le hardfheidhmíocht agus í a spreagadh agus aghaidh a thabhairt ar thearcfheidhmíocht i gcomhréir le dea-chleachtas agus reachtaíocht.

4. Comhordú fhoireann bainistíochta BOOLI atá faoi fhreagracht an Stiúrthóra seo

- Cúnamh a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach chun foireann bainistíochta BOOLI a fhorbairt agus tacú léi
- Idirchaidreamh a dhéanamh le príomhoidí scoile agus le foireann bainistíochta BOOLI maidir le riachtanais bonneagair scoileanna, lena n-áirítear réamhphleanáil i gcomhréir le riachtanais dhéimeagrafacha agus churaclaim.
- Rannchuidiú le feidhmíocht éifeachtach fheidhmeanna feidhmiúcháin BOOLI mar bhall den fhoireann ardbhainistíochta, lena n-áirítear an fhoireann bainistíochta i réimse feidhme an Stiúrthóra a chomhordú.
- Cibé feidhmeanna a chomhlíonadh a shannann an Príomhfheidhmeannach dóibh nó a tharmilgítear chucu de bhun alt 16 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

TAITHÍ AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Riachtanais Riachtanacha

Beidh ag an té a cheapfar:

- (a) Taithí shuntasach bhainistíochta ar leibhéal sinsearach iomchuí, lena n-áirítear foirne a threorú agus acmhainní a bhainistiú.

- (b) Taithí shuntasach ar chuid de na nithe seo a leanas nó orthu go léir:
ceannaireacht ar theagasc agus ar fhoghlaím, rialachas agus bainistíocht
scoileanna, pleanáil lucht saothair agus bainistíocht feidhmíochta i
scoileanna.
- (c) An cumas oibriú mar chuid d'fhoireann ardbhainistíochta a léiriú, pleananna
straitéiseacha agus beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla a fhorbairt
agus a chur chun feidhme agus bainistiú iomchuí riosca laistigh den eagraíocht a
chinntiú.
- (d) An cumas a léiriú a bheith nuálach, athruithe a bhainistiú agus a stiúradh agus
athchóiriú a chur chun feidhme laistigh d'eagraíocht i dtimpeallacht atá ag
athrú go tapa.
- (e) Sárscileanna idirphearsanta agus comhoibríochta lena n-áirítear an cumas oibriú
go héifeachtach le raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus
seachtracha agus ionadaíocht a dhéanamh do BOOLI ar chomhlachtaí
seachtracha de réir mar is gá.
- (f) A léiriú go bhfuil na scileanna/inniúlachtaí acu a sainaithníodh a bheith
tábhachtach don ról.

Áirítear leo sin:

- Ceannaireacht Oideachais
- Ceannaireacht Pleanála Straitéisí
- Cumarsáid agus Cothú Caidreamh
- Daoine Eile a Stiúradh agus a Fhorbairt
- Scileanna Riartha agus Bainistithe Eagraíochta
- Scileanna Féinfheasachta agus Féinbhainistíochta

- (g) Cáilíocht(aí) teagaisc nó cáilíocht(aí) oideachais tríú leibhéal i ndisciplín(i)
ábhartha atá i gcomhréir leis an ról seo.

(Tabhair do d'aire: Féach Aguisín 1 chun tuilleadh sonraí a fháil ar na hinniúlachtaí sin)

TABHAIR DO D'AIRE: Is féidir nach ndéanadh BOOLI cáilíochtaí/incháilitheacht a
fhíorú go dtí an chéim dheiridh den phróiseas.

Dá bhrí sin, na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonann na ceanglais incháilitheachta, agus
a leanann ar aghaidh lena n-iarratas, beidh iarracht/speansas neamhriachtanach i
gceist agus ní thairgfear post dóibh ón bhfeachtas seo. Ní hionann cuireadh chun
scrúduithe, agallaimh nó aon ghné den phróiseas roghnúcháin agus glacadh le
hincháilitheacht.

Sláinte

Ní mór d'iarrthóir ar an oifig, agus d'aon duine atá i seilbh na hoifige, a bheith
láninniúil agus ábalta tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an oifig agus a bheith i
riocht sláinte a léireodh ionchas réasúnach cumais chun seirbhís rialta éifeachtúil a

thabhairt. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarrthóirí a cheapfar dearbhú maidir le sláinte agus grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú.

Carachtar

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh carachtair de;
- A bheith oiriúnach ar gach slí iomchuí eile lena gceapadh sa phost lena mbaineann,

Agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad sa phost mura rud é:

- Go bhfuil siad sásta tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost, agus glacadh leis na coinníollacha faoina dtabharfar fúthu, nó faoina mbeadh gá le go dtabharfar fúthu agus
- Go bhfuil siad láninniúil agus go bhfuil siad ar fáil chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a ghabháil de láimh, agus cumas iomlán acu na dualgais sin a ghabháil de láimh.

INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT

Riachtanas Saoránachta:

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

- Ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is é seo a leanas atá i gceist le LEE: Ballstáit an Aontais Eorpaigh; an Íoslainn; Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- Ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
- Ina saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- Ina saoránach neamh-LEE ar céile nó leanbh iad de shaoránach LEE nó de saoránach de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
- Ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dóibh faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon duine muinteartha atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa Stampa 4 acu; nó
- Ina saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir iad de leanbh cleithiúnach atá ina saoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a bhfuil cónaí orthu ann agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER);

Is coinníoll é den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a théann ar scor faoin Scéim

sin incháilithe cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ceadmhach do dhaoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG (P) 06/2013)

Tugadh isteach Scéim um Iomarcaíocht Dheonach d'Údaráis Áitiúla le Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn:

Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thíos, is coinníoll sonracha den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna shainmhíniú sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

I gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Spriocdhírthe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaíthe arís in earnáil na sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht faoin VRS, ach amháin go maireann an cosc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as VER

incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim VRS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus caithfear toiliú an Aire a dhaingniú sula bhfostóidh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

De bhun litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifig Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tSeirbhís Phoiblí ó aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón am ar tháinig deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (is é sin, go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart)

Dearbhú:

Éileofar ar iarrthóirí a dhearbhu cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí i leith sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó i gcaomhnú) a dhearbhu ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó i gcás ina bhfuair siad íocaíocht in ionad i ndáil le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

Cineál an ról

Tá an post lánaimseartha, buan agus inphinsin, faoi réir conartha.

Luach Saothair

Seo a leanas an Scála Tuarastail le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026 de réir chiorclán 0058/2026 ón Roinn Oideachais agus Óige:

86,151 € 90,694 € 95,218 € 99,761 € 104,296 € 108,820 € 114,115 € 119,404 €
124,698 € 129,988 € 135,280

Is ráta comhlán é seo sula n-asbhaintear, inter alia, ranníocaíocht an fhostaí leis an scéim pinsin atá le hoibriú ag an mBord.

Faoi réir an Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil chéad bhliain phromhaidh a chur i gcrích go sásúil, féadfar an chéad incrimint tuarastail a dheonú dóibh bliain amháin ó dháta an cheapacháin (faoi réir théarmaí aon chomhaontuithe náisiúnta pá atá ann cheana) agus féadfar incrimintí ina dhiaidh sin a dhámhachtain orthu ar bhonn bliantúil faoi réir seirbhís shásúil.

Maidir le ráta luach saothair iomlán an Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil

- (a) féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir pholasaí pá an Rialtais mar a bhaineann sé le seirbhísigh phoiblí i gcoitinne
- (b) féadfaidh an tAire é a athbhreithniú ó am go ham le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Beidh an ráta ÁSPC a bhaineann leis an bpost de réir reachtaíocht nó rialacháin ábhartha na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tuarastal tosaigh

Is é beartas an Rialtais i gcónaí gur cheart tús a chur le pá ar earcaíocht ó chomórtas **oscailte** do gach post laistigh de na Boird Oideachais agus Oiliúna ar an scála tuarastail ábhartha ar a laghad agus nár cheart é a bheith faoi réir idirbheartaíochta. Féadfaidh luach saothair agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm, más rud é, díreach roimh an gcheapachán, go bhfuil an ceapaí ina Státseirbhíseach nó ina Seirbhíseach Poiblí cheana féin.

Tréimhse phromhaidh

Is í an chéad bhliain an tréimhse phromhaidh don ról mar Stiúrthóir buan ar Scoileanna, Óige & Ceoil. Deimhneofar an ceapachán faoi réir chomhlíonadh sásúil dhualgais an phoist.

Saoire bhliantúil

Beidh an Stiúrthóir ar Scoileanna, Óige & Ceoil (sa bhreis ar na gnáthlaethanta Saoire Poiblí agus Bainc) i dteideal 30 lá saoire i ngach bliain a thógfar ag am nó ag amanna a bheidh áisiúil don Bhord. Maireann Bliain Saoire Bliantúla BOOLI ó mhí Eanáir go mí na Nollag, mar sin tabhair do d'aire go mbeidh méid na saoire bliantúla a bheidh ceadaithe pro rata de réir an dáta a thosaíonn tú sa phost.

Tréimhsí scíthe

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 maidir leis an gceapachán seo.

Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí don iarrthóir a n-éireoidh leo de réir mar a bheidh siad i réim in BOOLI tráth a dtairgfear ceapachán dóibh. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie/ga/

I gcás inar oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí Scéime neamhaonair) sa 26 seachtain roimh an gceapachán nó i gcás go bhfuil siad ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag téarmaí pá éagsúla. Bunófar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta seirbhíse poiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha faoi láthair (ag ardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.)
- (Aois le Dul ar Scor: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ar 70 bliain d'aois a bhaint amach.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátaíl gach bliain faoi threoir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí). Tá méaduithe ar phinsean iarscoir nasctha le praghasinnéacs tomhaltóirí.

Laghdú ar Phinsean.

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil acu ón Státseirbhís nó an tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtosaítear le pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí le hóc i rith na fostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir laghdú** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Fórlacha Eile), 2012. **Tabhair do d'aire: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na fórlacha lacáiste, nuair is cuí. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig atá ag fostú le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe maidir le ceapacháin chuig an bpost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má bronnadh pinsean orthu faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh teidlíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Cinnfear na himpleachtaí maidir le teidlíochtaí faoin bpinsean VER, go háirithe i gcás inar soláthraíodh an VER le haghaidh blianta breise, de réir na dtéarmaí agus na mbeartas lena rialaítear an VER sonrach atá i gceist. **Ba cheart dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh cheapachán foirmiúil i ngach cás inar bhain an ceapaí ionchasach leas as socrú VER roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí.**
- **Ciorclán 102/2007 de Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí ón Roinn Oideachais.** Thug an Roinn Oideachais Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas sna cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den cháipéisíocht chiorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfostaítear ina dhiaidh sin iad in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfear láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Athchomfar ar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís ináirithe iarbhair an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte (IHR)**

Tabhair do d'aire nach mór d'aon duine a chuaigh ar scor roimhe sin ar chúiseanna drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag an gcéad chéim iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar Oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus an coinníoll, a cháiligh iad don IHR, á chur san áireamh acu.

Ceapachán tar éis dul ar scor ón Státseirbhís de dheasca Drochshláinte:

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má mheastar iad a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar do phost iad, tiocfaidh deireadh lena bpinsean easláinte státseirbhíse.
2. Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chur i gcrích nó má chinneann siad an post sannta a fhágáil, ní fhéadfaidh aon fhrithdhílse a bheith ann do stádas IHR na státseirbhíse, ná ní athbhunófar pinsean IHR na

státseirbhíse, a bhí ann roimh an iarratas ná nach bhfuil teidlíocht ann ina leith.

3. Beidh an t-iarratasóir ina mball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSP) nuair a cheapfar iad má tá briseadh níos mó ná 26 seachtain sa tseirbhís phoiblí/stát inphinsin.

Ceapachán tar éis dul ar scor ón tseirbhís phoiblí de dheasca Drochshláinte:

1. Sa chás go bhfuil duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh a bpinsean drochshláinte ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha maidir le scor drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, nuair a cheapfar iad, beidh ar an iarratasóir a dhearbhuí cé acu an bhfuil nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (sláinte nó eile) á fháil acu agus d'fhéadfadh a bpinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir laghdú.
3. Beidh an t-iarratasóir ina mball de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSP) nuair a cheapfar iad má tá briseadh níos mó ná 26 seachtain sa tseirbhís phoiblí/stát inphinsin.

Fabhrú Pinsin

Le halt 52(6) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, cuirtear teorainn leis an méid seirbhís inphinsin a fhéadfaidh duine aonair a fhabhrú trasna na scéimeanna seirbhíse poiblí uile a bhí ann cheana (téarmaí nach téarmaí na Scéime Aonair iad) go daichead bliain nó a choibhéis ar a mhéad; i gcás gur mó an tseirbhís inphinsin ná daichead bliain an 28 Iúil 2012, foráiltear le halt 52(7) go bhféadfaidh siad sochar na seirbhíse sin a choinneáil. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte acu i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. Tabhair do d'aire: Tá ranníocaíochtaí den sórt sin sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí aoisliúntais/ranníocaíochtaí PPC a éilítear i leith bhallraíocht na scéime pinsin ábhartha.

Ionad

Is í Príomhoifig BOOLI, Páirc Ghnó Bhaile Marlainn, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí nó cibé suíomh oifige eile laistigh de BOOLI arna chinneadh ag an bPríomhfheidhmeannach an áit oibre a bheidh ag an Stiúrthóir ar Scoileanna. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an Stiúrthóir ar Scoileanna taisteal, laistigh agus/nó lasmuigh d'Éirinn, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Saoire Uchtaíoch / do Chúramóirí / do Thuismitheoirí / Force Majeure

Tabharfar Saoire Uchtaíoch / do Chúramóirí / do Thuismitheoirí don Stiúrthóir ar Scoileanna i gcomhréir leis na socruithe arna n-údarú ag an Aire Oideachais agus Óige. Beidh feidhm ag forálacha an Achta um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus ag aon Achtanna ina dhiaidh sin a chuirfear in ionad an Achta sin nó a leasófar leis maidir le Saoire Force Majeure.

Saoire Bhreioiteachta

Beidh Saoire Bhreioiteachta i gcomhréir le nósanna imeachta agus coinníollacha bunaithe d'fhoireann BOOLI i gcoitinne.

Ginearálta

Léirítear sa mhéid thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus ní mheastar gur liosta cuimsitheach é de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar síos sa chonradh fostaíochta a bheidh le haontú leis an iarrthóir rathúil.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Iarratas a Dhéanamh:

Ba cheart iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach trí ríomhphost chuig headofhr@lwetb.ie

Ba cheart uimhir thagartha agus teideal an phoist a chur i líne ábhair an ríomhphoist.

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán.

Ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta agus an sprioc-ama.

Maidir le duine a ligean isteach sa chomórtas seo, nó cuireadh chun scrúduithe nó freastal ar agallamh a chur chucu, ní mheasfar go dtugtar le tuiscint leis sin go bhfuil BOOLI sásta go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais.

Nótaí:

Tabhair do d'aire go bhfuil sé de fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaightear gach iarratas in am. Má bhíonn deacrachtaí teicniúla ag iarrthóir le linn iarratas a chur isteach, níl BOOLI freagrach as na deacrachtaí sin. Dá bhrí sin, moltar go láidir d'iarrthóirí iarratais a chur isteach i bhfad roimh an spriocdháta.

Spriocdháta agus Sprioc-am:

Ní mór d'iarratas a sheoladh le ríomhphost chuig headofhr@lwetb.ie tráth nach déanaí ná **13:00 ar Dé Céadaoin 12ú Lúnasa 2026.**

Ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear i ndiaidh an spriocdháta agus an sprioc-ama sin.

Admhóimid go bhfuarthas gach iarratas. Déanaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt le haghaidh dátaí agallaimh srl., ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh BOOLI

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- Gearrliostú na n-iarrthóirí ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil ina n-iarratas
- Agallamh iomaíoch a bhféadfadh cur i láthair a bheith mar chuid de; tabhair do d'aire go bhfuil sé beartaithe agallaimh a dhéanamh chomh luath agus is féidir i ndiaidh an spriocdháta.
- Tagairtí a sheiceáil

Gearrliostú:

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a fhaightear ar phost ná an líon a theastaíonn chun folúntais atá ann cheana a líonadh. Cé go bhféadfá ceanglais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá an líon atá ag déanamh iarratas ar an bpost chomh hard sin go bhfágann sé nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh BOOLI cinneadh a dhéanamh próiseas gearrliostaithe a úsáid chun grúpa a roghnú le haghaidh agallamh, grúpa ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar na doiciméid a chuir tú ar fáil, gurb é an grúpa is oiriúnaí don phost é.

Ní hionann sin is a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach ar an bpost a dhéanamh, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Le linn aon chleachtadh gearrliostaithe a d'fhéadfaí a úsáid, scrúdaíonn BOOLI na foirmeacha iarratais agus déanann sé measúnú orthu in aghaidh critéir réamhchinntithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe agus cruinn a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais maidir le do cháilíochtaí/taithí.

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Imréiteach Slándála:

Tá BOOLI cláraithe leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin. Mar chuid de phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin an Bhoird, d'fhéadfadh tairiscintí fostaíochta do gach post a bheith faoi réir nochtadh an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Faisnéis thábhachtach eile

Ní bheidh BOOLI freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

Maidir le duine a ligean isteach i gcomórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, nó litir toraidh rathúil, a chur chucu, ní mheasfar go dtugtar le tuiscint leis sin go bhfuil BOO sásta go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais nó nach bhfuil siad dícháilithe de réir dlí chun an post a bheith acu.

Sula molfar ceapadh aon iarrthóra sa phost seo, déanfaidh an BOO gach fiosrúchán a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta. Má dhiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán, nó i ndiaidh dóibh glacadh leis, má scarann siad leis, nó má tharlaíonn folúntas eile, féadfaidh an BOO, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin ar bonn thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Is é is aidhm dó go rachaidh an t-iarrthóir rathúil i mbun poist a luaithe is féidir tar éis comórtas earcaíochta rathúil.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndéanfar dícháiliú mar thoradh ar aon iarracht ar thacaíocht a lorg le haghaidh iarratais.

Rúndacht agus Saoirse Faisnéise

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Caithfear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún daingean agus ní nochtar iad do dhuine ar bith, lasmuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas. Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, as taifid ríomhaire chun críocha ginearálta staidrimh.

Cosaint Sonraí

Próiseálann BOOLI sonraí i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha um Chosaint Sonraí

Iarrthóireacht a mheas le tarraingt siar

Ní bheidh aon éileamh eile ar bhreithniú ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn le haghaidh agallaimh nó scrúdú eile de réir mar a éilíonn BOOLI nó nach soláthraíonn, nuair a iarrtar sin, an fhianaise a éilíonn BOOLI maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Cosaint Sonraí

Próiseálann BOOLI sonraí i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha um Chosaint Sonraí.

Trealamh Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn BOOLI aon chineál trealaimh taifeadta a úsáid gan chead le linn a phróisis agallaimh. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus le haon chineál pictiúrtha nó fístaifeadta, bíodh taifeadadh fuaime san áireamh nó ná bíodh, agus clúdaíonn sé aon chineál feiste a úsáidtear chun na gcríoch sin. D'fhéadfaí aon iarrthóir a bhfuil baint acu le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas.

Ina theannta sin, i gcás ina raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina n-iarrthóir ag próiseas earcaíochta, ansin:

- I gcás nach bhfuil siad ceaptha i bpost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- I gcás ina mbeidh siad ceaptha i ndiaidh an phróisis earcaíochta i dtrácht, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas i scríbhinn



lwetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
an Longfoirt agus na hIarmhí
Longford and Westmeath
Education and Training Board

An dáta is déanaí chun iarratais chomhlánaithe ar an bpost thuas a fháil trí ríomhphost chuig:

headofhr@lwetb.ie

ar an

Dé Céadaoin 12ú Lúnasa 2026 ag 13.00 uair an chloig

**NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS A FHAIGHTEAR I NDIAIDH AN
SPRIOC DHÁTA
NÍ LEOR CVANNA AMHÁIN
D'FHÉADFAÍ GEARRLIOSTÚ A DHÉANAMH AR IARRTHÓIRÍ**

Aguisín 1: Príomhinniúlachtaí a Theastaíonn don Ról

Léiríonn na hinniúlachtaí don ról seo an timpeallacht athraitheach agus níos casta ina n-oibríonn na daoine sin ar leibhéal an Stiúrthóra ar Scoileanna, Óige & Ceoil ar timpeallacht í ina bhfuil srian ar acmhainní, brú maidir le torthaí a sholáthar, agus iniúchadh méadaithe ó na meáin agus ón bpobal agus clár uailmhianach um athchóiriú na seirbhíse poiblí.

Beidh ar an duine a cheapfar sa phost mar Stiúrthóra ar Scoileanna, Óige & Ceoil inniúlacht a léiriú sna réimsí seo a leanas, mar a bhaineann leis an sainchuntas poist.

Ceannaireacht Oideachais

Ceannaireacht a sholáthar i ngach ábhar a bhaineann le hoideachas agus oiliúint i scoileanna BOOLI. Pleanáil, forbairt, cur chun feidhme, athbhreithniú agus meastóireacht ar phleananna agus beartais oideachais BOOLI a éascú agus a bheith freagrach as spriocanna a bhaint amach.

- An tuiscint agus an cumas a bheith acu cultúr idirphlé oscailte agus comhoibrithe a chothú maidir le caighdeáin teagaisc agus foghlama agus gnóthachtáil foghlaimeoirí.
- Cumas a léiriú chun tacú le barr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim agus pobail chleachtais a chothú.
- Córas meastóireachta a fhorbairt chun eolas agus dearbhú a dhéanamh ar dhea-chleachtas gairmiúil sa teagasc agus san fhoghlaim agus chun tuiscint a fháil ar na tosca a chuireann le dea-thimpeallacht foghlama agus a thacaíonn léi.
- Ról ceannasach a ghlacadh maidir le dea-chumarsáid agus dea-chomhoibriú a chinntiú idir scoileanna chun timpeallacht mhaith foghlama a fhorbairt agus chun tacú léi, timpeallacht a mbeidh taca fúithi de réir mar is cuí trí ghníomhaíochtaí taighde agus fianaise-bhunaithe.

Ceannaireacht Pleanála Straitéisí

Ceannaireacht a sholáthar i bpleanáil, i bhforbairt, i gcur chun feidhme, in athbhreithniú agus i meastóireacht phlean oideachais ilbhiantúil BOOLI i gcomhréir le beartas na Roinne Oideachais agus Scoileanna agus le beartas BOO.

- Cuntas teiste cruthaithe a bheith acu maidir le plan straitéiseach a fhorbairt agus a stiúradh agus a bheith in ann a léiriú conas a chuirfí plan den sórt sin chun feidhme i gcomhar leis an mBord agus le páirtithe leasmhara ábhartha.
- Straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt don todhchaí agus smaoineamh trí iarmhairtí na ghníomhaíochtaí a dhéantar.
- Cultúr féinmheastóireachta a fhorbairt agus tacaíocht a sholáthar ar fud scoileanna BOOLI lena n-áirítear uirlisí agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a shainaithint agus a fhorbairt chun an rud céanna a bhaint amach.

Cumarsáid agus Cothú Caidreamh

Straitéisí cumarsáide éifeachtacha a bhunú chun a chinntiú go bhfuil cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá oscailte, trédhearcach agus dearfach i bhfeidhm laistigh de scoileanna BOOLI agus ina measc.

- Caidreamh dearfach agus éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil le baill foirne BOOLI, leis an mBord, leis an Roinn Oideachais agus Óige agus le gníomhaireachtaí seachtracha eile.
- An cumas agus na scileanna a bheith acu chun caidreamh agus cumarsáid a dhéanamh ar bhealach bríoch agus measúil le daoine aonair agus le grúpaí.
- Cuntas teiste cruthaithe a bheith acu maidir le dea-chaidrimh oibre a chothú le daoine eile agus iad a úsáid chun a chur ina luí ar dhaoine nó áitiú ar dhaoine nó tacaíocht a fháil d'fhonn torthaí dearfacha a bhaint amach do BOOLI.

Daoine Eile a Stiúradh agus a Fhorbairt

Aitheantas a thabhairt don iliomad scileanna agus buanna éagsúla atá ag an bhfoireann i scoileanna BOOLI agus leas a bhaint astu chun foirne éifeachtacha a chruthú.

- Cumas ceannaireachta dáileacháin a léiriú trí tharmligean agus tacaíocht iomchuí.
- Cuntas teiste cruthaithe a bheith acu maidir le daoine eile a threorú, a spreagadh agus tacú leo chun muinín a fhorbairt agus a bheith in ann cabhrú leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.
- An cumas a léiriú a bheith soiléir le daoine eile maidir leis an méid atá le baint amach, cén caighdeán a theastaíonn, laistigh de thréimhse áirithe/bhuiséad agus a gcuntasacht maidir le seachadadh a shoiléiriú.

Scileanna Riartha agus Bainistithe Eagraíochta

- Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a úsáid go héifeachtach chun faisnéis a eagrú agus súil a choinneáil uirthi agus chun riachtanais an phoist a chomhlíonadh.
- Freagrachtaí cinnteoireachta ábhartha agus freagrachtaí eile a leithdháileadh ar an bhfoireann iomchuí agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun tarmligean éifeachtach a dhéanamh.
- An cumas a bheith acu saincheistanna agus bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a réamh-mheas agus an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh.

Scileanna Féinfheasachta agus Féinbhainistíochta

- Freagairt do bhrúnna a bhaineann leis an obair ar bhealach dearfach.
- An leibhéal muiníne, athléimneachta agus dóchais is gá a bheith acu chun cothromaíocht mhothúcháinach a choinneáil i gcásanna dúshlánacha agus an cumas oibriú trí na cásanna sin